# Airgead – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

## Tá deiseanna ag an bpáiste...

### Tuiscint agus ceangal

- Tabhairt faoi rólghlacadh bunaithe ar airgead le piaraí
- Méideanna airgid a ríomh ag baint úsáid as oibríochtaí
- Naisc a dhéanamh idir an luach atá ag airgead agus luach earraí agus seirbhísí
- A gcásanna ón bhfíorshaol nó samhlaíocha féin a chumadh atá bainte le hairgead
- Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a dhéanann aithris ar úsáid bonn, airgid thirim agus idirbhearta gan airgead tirim
- Taifead a dhéanamh ar choigilt agus idirbhearta caiteachais agus measúnú a dhéanamh ar a gcinnteoireacht airgeadais



### Cumarsáid

- Teanga chuí a úsáid agus rudaí á malartú le daoine eile le hairgead
- A dtuiscint ar phróiseas na n-idirbheart a léiriú
- Luach earraí agus seirbhísí a phlé trí úsáid a bhaint as teanga chuí
- Bealaí éagsúla a léiriú nó cur síos a dhéanamh orthu chun airgead a ríomh agus idirbhearta a thaifeadadh
- Éisteacht le smaointe agus réitigh a bhaineann le hairgead, iad a roinnt agus a mhíniú



### Réasúnaíocht

- Cinntí a dhéanamh faoi luach earraí agus seirbhísí agus réasúntacht praghsanna
- Ceisteanna a fhiafraí agus a chur a chuirfidh bonn eolais faoi chinnteoireacht faoi airgead
- Meastachán, comparáidí agus /nó straitéisí meabhracha a úsáid agus airgead á ríomh
- Anailís a dhéanamh ar chásanna a bhaineann le hairgead agus straitéisí agus réitigh úsáideacha a chur i bhfeidhm
- Cinntí airgeadais a mheas agus a chosaint bunaithe ar ríomhanna agus ar chomparáidí



### Cur i bhFeidhm agus réiteach fadhbanna

- Réimse fadhbanna a bhaineann go dlúth le saol laethúil páistí a réiteach
- Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí éagsúla a dtugann piaraí faoi fhadhb /a dhéanann iarracht an fhadhb airgeadais chéanna a réiteach
- Buiséad a dhéanamh do réimse cásanna praiticiúla a bhaineann le hairgead, ar nós imeachtaí teaghlaigh agus pearsanta (m.sh. laethanta breithe) agus iad a bhreithniú
- Iniúchadh a dhéanamh ar raon spreagthaí chun tuiscint ar airgead a neartú (m.sh. admhálacha, catalóga agus liostaí praghsanna)
- Na himpleachtaí airgeadais d'fhadhbanna nó cásanna éagsúla (fíor nó hipitéiseach) a fhiosrú agus a mheas

